Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6262/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0037(NLE)**

**PECHE 56**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 72 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 72 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 72 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.2.2021
COM(2021) 72 final

2021/0037 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

D'údaraigh an Chomhairle, ar bhonn an mholta ón gCoimisiún Eorpach, don Choimisiún Eorpach caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach de pháirt amháin, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus maidir le Prótacal ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais. Ag deireadh na caibidlíochta, chuir na hidirbheartaithe a n-inisealacha ar an gComhaontú agus an Prótacal an 11 Eanáir 2021. Leis an gComhaontú nua déantar an Comhaontú a bhí ann cheana agus a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2007 a aisghairm agus a ionadú[1]; cumhdaítear leis tréimhse sé bliana (2021-2026) ó dháta a chur i bhfeidhm shealadaigh, ar féidir é a athnuachan trí chomhaontú intuigthe. Leis an bPrótacal nua cumhdaítear tréimhse ceithre bliana (2021-2024) a leagtar síos in Airteagal 15 ón dáta cur chun feidhme shealadaigh arb é sin an dáta ar a síneoidh na páirtithe é, agus féadfar an tréimhse a fhadú dhá bhliain má chomhaontaíonn na páirtithe amhlaidh.

Is é is cuspóir don togra seo go n-údaróidh an Chomhairle síniú agus cur chun feidhme sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh (FPA) idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas na Graonlainne[2] an 28 Meitheamh 2007 agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Samhain 2007 go ceann tréimhse sé bliana. Déantar an comhaontú a athnuachan gach sé bliana agus tharla an fadú deireanach an 1 Eanáir 2019. Ar an mbonn sin, tháinig an Prótacal a ghabhann le FPA cúig bliana atá ann cheana[3] i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016[4] (a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2020) agus bunaítear leis deiseanna iascaireachta do chabhlach an Aontais agus an ranníocaíocht airgeadais atá le híoc ag an Aontas agus longúinéirí an Aontais.

Saothraítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPA) tosaíochtaí an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe[5], agus a ghné sheachtrach,[6] d'fhonn leanúint den chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge i réimse an iascaigh agus í a threisiú.

Is é is aidhm don Phrótacal deiseanna iascaireachta a thabhairt do shoithigh an Aontais in uiscí na Graonlainne, ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil agus lena n-urramaítear moltaí na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus an Choimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC). Bhunaigh an Coimisiún a sheasamh, i bpáirt, ar thorthaí na meastóireachta ar an gComhaontú agus an Prótacal a bhí ann cheana agus ar

1 https://www.consilium.europa.eu/en/documents-publications/treaties-agreements/agreement/?id=2007046&DocLanguage=en
2 IO L 172, 30.6.2007
3 IO L 305, 21.11.2015, lch. 1
4 https://www.consilium.europa.eu/en/documents-publications/treaties-agreements/agreement/?id=2015055&DocLanguage=en
5 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
6 An 19 Márta 2012 Chonclúidí ón gComhairle i ndáil leis an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh*

mheastóireacht réamhbhreathnaitheach i dtaobh ar cheart Comhaontú agus Prótacal a thabhairt i gcrích. Cumasaítear leis an bPrótacal don Aontas Eorpach agus don Ghraonlainn comhoibriú i gcomhar níos dlúithe chun saothrú fónta acmhainní iascaigh in uiscí na Graonlainne a chur chun cinn agus tacú le hiarrachtaí Rialtas na Graonlainne a earnáil iascaigh a fhorbairt chun leasa an dá Pháirtí.

Is iad na speicis a chumhdaítear leis an bPrótacal nua ná Trosc, Péirsí Mara Peiligeacha, Péirsí Mara Grinnill, haileabó Graonlannach, Séacla Artach, Gránádóir, Caibeallán agus Ronnach. Leis an bPrótacal nua, cuirtear deiseanna iascaireachta ar fáil do 12 shoitheach. Tá leas díreach iascaireachta ag sé Bhallstát de chuid an Aontais sa Phrótacal nua, eadhon an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn, an Liotuáin agus an tSualainn agus, ar leibhéal níos ísle, an Spáinn agus an Phortaingéil.

Ar an taobh eile de, cuirfear ar fáil le buiséad an Aontais Eorpaigh cúiteamh airgeadais bliantúil EUR 16 521 754 don Ghraonlainn agus cuirfear EUR 2 931 000 den mhéid sin i leataobh chun tacú le beartas iascaigh na Graonlainne.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis a chaibidliú, is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh an méid sin a bhaineann le Tíortha agus Críocha thar lear (OCTanna).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is éard atá sa bhunús dlí Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh agus Airteagal 218(6)(a)(v) agus (7) CFAE maidir le comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus tríú tíortha agus an deis atá ann údarú a thabhairt don idirbheartaí formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar mhodhnuithe ar an gcomhaontú a ghlacfar le nós imeachta simplithe nó le comhlacht a chuirfear ar bun leis an gcomhaontú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir maidir le creat rialachais dhlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta atá á ndéanamh ag soithí an Aontais in uiscí tríú tíortha, mar a leagtar amach in Airteagal 31 den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh. Tá sé i gcomhréir leis na forálacha sin chomh maith leis na forálacha maidir le cúnamh airgeadais do thríú tíortha a leagtar síos in Airteagal 32 den Rialachán sin.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh an mheastóireacht *ex post* le linn na tréimhse Aibreán go Lúnasa 2019. Chuathas i gcomhairle leis na geallsealbhóirí le linn na meastóireachta *ex post* ar an bPrótacal i ndáil leis

an tréimhse 2016-20. Chuathas i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát freisin i gcruinnithe teicniúla. De thoradh na gcomhairliúchán sin, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé tairbhiúil an Prótacal le Rialtas na Danmhairge agus Rialtas na Graonlainne a athnuachan. Is iad na príomhchúiseanna gur measadh go mbeadh tairbhe ag baint leis an bPrótacal a athnuachan, ar thaobh amháin, toisc go bhfuil an comhaontú comhpháirtíochta iascaigh (FPA) agus an Prótacal an-ábhartha ó thaobh riachtanais an Aontais i dtéarmaí rochtain a chur ar fáil do chabhlach an Aontais agus tacú leis an gcomhar eolaíoch agus an saothrú inbhuanaithe agus ar an taobh eile, toisc go bhfuil an comhaontú ábhartha do Rialtas na Graonlainne i dtéarmaí comhar leis an Aontas.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den mheastóireacht chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe ar an tionscal, eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta idirnáisiúnta agus ionadaithe ar shochaí shibhialta na Graonlainne. Rinneadh comhairliúcháin freisin i gcomhthéacs na Comhairle Comhairlí Fadraoin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D'úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante*, i gcomhréir le forálacha Airteagal 31 (10) den Rialachán lena mbunaítear an Comhbheartas Iascaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá ranníocaíocht airgeadais bhliantúil EUR 16 521 754 an Aontais bunaithe ar:

a) méid bliantúil a íoctar as rochtain ar acmhainní iascaigh le haghaidh na gcatagóirí dá bhforáiltear sa Phrótacal arna shocrú ag EUR 13 590 754 ar feadh thréimhse an Phrótacail;

b) tacaíocht le haghaidh fhorbairt beartais iascach earnálach na Graonlainne arb é atá inti EUR 2 931 000 ar feadh thréimhse an Phrótacail. Comhlíonann an tacaíocht sin cuspóirí bheartas náisiúnta na Graonlainne maidir le bainistiú inbhuanaithe a n-acmhainní iascaigh muirí ar feadh thréimhse iomlán an Phrótacail.

Bunaítear an méid bliantúil maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe íocaíochta le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, lena n-áirítear an líne chúltaca le haghaidh prótacal nár tháinig i bhfeidhm go fóill ag tús na bliana.[7]

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Foráiltear maidir leis na socruithe faireacháin sa Phrótacal lena gcuirtear an Comhaontú Compháirtíochta chun feidhme.

---

7 I gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha(2013/C 373/01).

2021/0037 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích Comhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus (7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[8],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Comhaontú Comhpháirtíochta nua maidir le hIascaigh Inbhuanaithe a chaibidliú idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (‘Comhaontú Comhpháirtíochta’) agus rinne sé Prótacal Cur Chun Feidhme nua a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta a chaibidliú freisin.

(2) Cuireadh inisealacha leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme an 11 Eanáir 2021 ag deireadh na caibidlíochta sin.

(3) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta, aisghairtear an Comhaontú a bhí ann roimhe sin, ar Chomhaontú é a tugadh i gcrích idir an Comhphobal Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Dúchais na Graonlainne, den pháirt eile agus a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2007.

(4) (4) I gcomhréir le Cinneadh 2021/…/AE ón gComhairle[9], síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta nua agus an Prótacal Cur Chun Feidhme nua an… [*cuir isteach dáta an tsínithe*].

(5) Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal Cur Chun Feidhme á gcur i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó dháta a sínithe.

(6) Ba cheart an Comhaontú Comhpháirtíochta agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

(7) Le hAirteagal 12 den Chomhaontú, bunaítear an Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 7 den Phrótacal, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. D’fhonn formheas na leasuithe sin a éascú, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún, faoi réir coinníollacha sonracha, na leasuithe sin a fhormheas faoi nós imeachta simplithe,

8

9 IO L ..., ..., lch. .

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déantar leis seo an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (dá ngairtear 'an Prótacal' anseo feasta) a fhormheas thar ceann an Aontais.

Cuirtear i gceangal leis an gCinneadh seo téacs an Chomhaontaithe agus an Phrótacail mar Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear don Choimisiún, thar ceann an Aontais, na leasuithe ar an bPrótacal a fhormheas, prótacal a ghlac an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 12 den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus in Airteagal 14 den Phrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[10]

11 – Gnóthaí muirí agus iascach

11.03 – Ranníocaíochtaí éigeantacha le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus le comhaontuithe iascaigh inbhuanaithe eile (SFAnna)

11.03.01 – Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

X Baineann an togra/tionscnamh **le beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh **le beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[11]

☐ Baineann an togra/tionscnamh **le síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh **le beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Trí chaibidlíocht a dhéanamh ar na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) le tríú tíortha agus iad a thabhairt i gcrích, comhlíontar an cuspóir ginearálta maidir le rochtain a thabhairt do shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh ar limistéir iascaireachta tríú tíortha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na tíortha sin d'fhonn saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a neartú lasmuigh d'uiscí an Aontais Eorpaigh.

Leis na SFPAnna, áirítear freisin comhsheasmhacht idir na prionsabail lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh agus na gealltanais a rinneadh faoi bheartais Eorpacha eile (úsáid inbhuanaithe acmhainní tríú tíortha, an comhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialaithe (NNN), comhtháthú na dtíortha comhpháirtíochta sa gheilleagar domhanda, agus rialachas polaitiúil agus airgeadais níos fearr ar iascaigh).

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

<u>Cuspóir Sonrach Uimh. 1</u>

---

10 ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

11 Dá dtagraítear in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Cur le hiascaireacht inbhuanaithe in uiscí nach bhfuil san Aontas, láithreacht an Aontais a chothabháil in iascaigh i bhfarraigí i bhfad i gcéin agus leasanna earnáil iascaigh an Aontais agus tomhaltóirí a chosaint trí chaibidlíocht agus SFPAnna a thabhairt i gcrích le stáit chósta, i gcomhréir le beartais eile de chuid an Aontais.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus a Phrótacail Cur Chun Feidhme féadtar leanúint den chomhpháirtíocht iascach straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Ghraonlainn agus í a threisiú. Le tabhairt i gcrích an Phrótacail, cruthófar deiseanna iascaireachta do shoithí de chuid an Aontais i limistéar iascaireachta na Graonlainne.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal, is fearr a dhéanfar na hacmhainní iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, trí thacaíocht airgeadais (tacaíocht earnála) a chur ar fáil chun cláir arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta ag an tír chomhpháirtíochta a chur chun feidhme, go háirithe chun faireachán, rialú agus faireachas a atreisiú.

Ar deireadh, rannchuideoidh an Comhaontú agus an Prótacal le saothrú inbhuanaithe a hacmhainní muirí ag an nGraonlainn agus le geilleagar iascaireachta na Graonlainne tríd an bhfás a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachtbhunaithe a chur chun cinn.

1.4.4. *Táscairí lena léireofar torthaí agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Rátaí úsáide deiseanna iascaireachta (glacadh bliantúil na n-údaruithe iascaireachta mar chéatadán den infhaighteacht faoin bPrótacal).

Sonraí maidir le gabhálacha (bailiú agus anailísiú) agus luach tráchtála an Chomhaontaithe.

Cur leis an bhfostaíocht agus leis an mbreisluach san Aontas chomh maith le cobhsú mhargadh an Aontais (go comhiomlán le SFPAnna eile).

Cuidiú le feabhas a chur ar thaighde, faireachas agus rialú ar ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanann an tír chomhpháirtíochta agus ar fhorbairt a hearnála iascaigh.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Tá sé i gceist go mbeidh feidhm ag an gComhaontú nua agus ag an bPrótacal Cur Chun Feidhme ar bhonn sealadach ó dháta a shínithe, ionas go gcuirfear laghdú ar aon chur isteach ar oibríochtaí iascaireachta atá ar bun faoin bPrótacal reatha.

Leis an gComhaontú agus an Prótacal nua cuirfear creat ar fáil do ghníomhaíochtaí iascaireachta de chabhlach an Aontais i limistéar iascaireachta na Graonlainne agus tabharfar údarú d’úinéirí soithí an Aontais iarratas a dhéanamh ar údaruithe iascaireachta chun dul i mbun iascaireachta sa limistéar sin. Ina theannta sin, leis an gComhaontú agus an Prótacal nua cuirfear feabhas ar gcomhar idir an tAontas agus an Ghraonlainn d’fhonn forbairt an bheartais um iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn. Foráiltear leis, go háirithe, maidir le faireachán a dhéanamh ar shoithí trí VMS agus maidir le sonraí gabhála a tharchur go leictreonach. Leis an tacaíocht earnála atá ar fáil faoin bPrótacal cuideofar leis an nGraonlainn lena straitéis iascaigh náisiúnta.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais*

| |
|---|
| Mura n-aontaíonn an tAontas ar Chomhaontú agus ar Phrótacal nua, cuirfidh sé sin bac ar ghníomhaíocht iascaireachta shoithí an Aontais toisc go bhfuil clásal sa Chomhaontú reatha lena n-eisiatar gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil sa chreat a shainítear leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú. Dá bhrí sin, tá an luach breise le haghaidh chabhlach fadraoin an Aontais an-soiléir. Leis an bPrótacal cuirtear creat ar fáil freisin maidir le comhar feabhsaithe idir an tAontas agus an Ghraonlainn. |

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

| |
|---|
| Is ionann cistí a sholáthraítear mar chúiteamh airgeadais le haghaidh rochtana faoi SFPA agus ioncam inmhalartaithe i mbuiséad náisiúnta na Graonlainne. Mar sin féin, leithdháiltear cistí atá beartaithe le haghaidh tacaíocht earnála (de ghnáth trína thabhairt isteach sa dlí buiséadach bliantúil) ar an Aireacht atá freagrach as iascaigh, ar choinníoll go dtabharfaí na SFPAnna chun críche agus go ndéanfaí faireachán orthu. Tá na hacmhainní airgeadais seo comhoiriúnach le foinsí maoinithe eile ó sholáthraithe eile maoinithe idirnáisiúnta chun tionscadail agus/nó cláir a chur i gcrích ar an leibhéal náisiúnta san earnáil iascaigh. |

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirge a d'fhéadfadh a bheith ann*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais**

Togra a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– X Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ó 2021 go 2026

– X Tionchar airgeadais ó 2021 go 2025

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse theoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[12]

X **Bainistíocht dhíreach** ag an gCoimisiún

– X ag a ranna, ag a fhoireann i dtoscaireachtaí an Aontais san áireamh;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí atá ainmnithe acu;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

[12] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Barúlacha

| |
|---|
| |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Déanfaidh an Coimisiún (AS MARE) faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme an Phrótacail maidir leis an úsáid a bhainfidh oibreoirí as deiseanna iascaireachta, ar shonraí gabhála agus ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le tacaíocht earnála.

Ina theannta sin, foráiltear in SFPA maidir le cruinniú le haghaidh an Chomhchoiste, cruinniú a reáchtálfar uair amháin ar a laghad sa bhliain agus ina ndéanfaidh an Coimisiún agus an Ghraonlainn athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an Phrótacail agus, más gá, na cláir agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a sainaithníodh*

Cuirfear íocaíochtaí chun feidhme ar bhealach díchúpláilte maidir leis an ranníocaíocht le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht le haghaidh tacaíocht earnála.

Déanfar na híocaíochtaí le haghaidh rochtana ar bhonn bliantúil ar dháta comórtha an Phrótacail, ach amháin sa chéad bhliain, nuair a dhéanfar an íocaíocht sna trí mhí tar éis thús an iarratais shealadaigh. Déanfar rochtain ar shoithí a rialú trí údaruithe iascaireachta a eisiúint.

Íocfar an tacaíocht den chéad uair laistigh de thrí mhí tar éis thús an iarratais shealadaigh, faoi réir an chomhaontaithe ar chlár chur chun feidhme bliantúil agus ilbhliantúil; sna blianta ina dhiaidh sin, is ar na torthaí a bhainfear amach a bheidh sé ag brath. Déanfar faireachán ar na torthaí a bhainfear amach agus ar an ráta cur chun feidhme de réir na dTreoirlínte maidir le Tacaíocht Earnála a Chur Chun Feidhme do Bheartas Iascaigh na Graonlainne atá le comhaontú ag na Páirtithe, ar bhonn

tuarascálacha nó fianaise dhoiciméadach arna soláthar ag an tír chomhpháirtíochta agus iniúchtaí teicniúla a dhéanann an *attaché* iascaigh.

2.2.2. *Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Is é an riosca a aithníodh tearc-úsáid na ndeiseanna iascaireachta ag úinéirí shoithí an Aontais agus tearc-úsáid nó úsáid mhoillithe ag an nGraonlainn as cistí atá beartaithe chun an beartas iascaigh earnála a mhaoiniú. Tá idirphlé forleathan beartaithe maidir le clárú agus cur i bhfeidhm an bheartais earnála a leagtar síos sa Chomhaontú agus sa Phrótacal. Tá anailís chomhpháirteach ar thorthaí, dá dtagraítear in Airteagal 4 den Phrótacal, mar chuid de na modhanna rialaithe seo freisin. Ina theannta sin, tá clásail shonracha sa Chomhaontú agus sa Phrótacal maidir lena gcur ar fionraí, faoi choinníollacha áirithe agus in imthosca áirithe.

2.2.3. *Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Tá íocaíochtaí a bhaineann le costais rochtana faoi Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (SFPAnna) faoi réir seiceálacha atá dírithe ar a chinntiú go gcomhlíontar forálacha comhaontuithe idirnáisiúnta. Tá seiceálacha a bhaineann le tacaíocht earnála dírithe ar fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na tacaíochta. Is iad baill foirne an Choimisiúin a dhéanann an faireachán i dToscaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus le linn cruinnithe Comhchoistí. Úsáidtear maitrís chlársceidealaithe ilbhliantúil chun dul chun cinn a mheas. Mura bhfuil dul chun cinn leordhóthanach ann, cuirfear íocaíocht an chéad tráinse eile ar fionraí nó b'fhéidir go laghdófaí é. Meastar gurb é costas fhoriomlán na seiceálacha ar gach SFPA 1.8 % (de na ranníocaíochtaí in 2018). Tá na nósanna imeachta maidir le seiceálacha ar SFPAnna bunaithe go príomha ar riachtanais rialála riachtanacha. Mura mbraitear aon easnamh a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais, measfar go bhfuil na seiceálacha éifeachtach. Meastar gurb é 0.0 % an meánráta earráide.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe*

Geallann an Coimisiún go mbunófar idirphlé polaitiúil agus comhordú rialta leis an nGraonlainn d'fhonn bainistiú an Chomhaontaithe agus an Phrótacail a fheabhsú, agus rannchuidiú an Aontais i leith bainistiú acmhainní inbhuanaithe a neartú. Aon íocaíocht a dhéanann an Coimisiún faoi SFPA, is faoi réir rialacha caighdeánacha agus nósanna imeachta buiséid agus airgeadais an Choimisiúin a dhéantar iad. Go háirithe, aithnítear cuntais bhainc na dtríú tíortha a n-íoctar an ranníocaíocht airgeadais iontu. Foráiltear le hAirteagal 3(6) den Phrótacal go ndéanfar an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh rochtana agus an ranníocaíocht atá beartaithe chun an earnáil a fhorbairt a íoc isteach i gcuntas Státchiste.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[13]. | ó thíortha CSTE[14] | ó thíortha is iarrthóir[15] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | 11.03.01<br>Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta an Aontais Eorpaigh in uiscí tríú tíortha (SFAnna) | Difreáilte. | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

[13] LD = Leithreasuithe difreáilte/LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
[14] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
[15] Tíortha is iarrthóir agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimh. 2 | Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha |
|---|---|---|

| AS: MARE | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe oibríochtúla | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid[16] 11.03.01 | Gealltanais | (1a) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[17] | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |

16 De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

17 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach..

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **le haghaidh AS** MARE | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 7 54 | **99 130 5 24** |
| | Gealltanais | (4) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 7 54 | **99 130 5 24** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 7 54 | **99 130 5 24** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha | | (6) | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:**

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | **99 130 524** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as an imchlúdach le haghaidh cláir shonracha | | (6) | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =4+ 6 | 16 521 | 16 521 | 16 521 | 16 521 | 16 521 | 16 521 | **99 130 524** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil<br>(Méid tagartha) | | | 754 | 754 | 754 | 754 | 754 | 754 | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 16 521<br>754 | 16 521<br>754 | 16 521<br>754 | 16 521<br>754 | 16 521<br>754 | 16 521<br>754 | **99 130<br>524** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2021** | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht** <…….> | Leithreasuithe | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2021**[18] | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 7 54 | **99 130 524** |
| | Íocaíochtaí | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 754 | 16 521 7 54 | **99 130 524** |

18 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | **2021** | | **2022** | | **2023** | | **2024** | | **2025** | | **2026** | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cineál[19] | Meánchostas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | Uimhir | Costas | | Uimhir iomlán | Costas iomlán |
| SAINCHUSPÓIR Uimh. 1[20]... | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Rochtain | Bliantúil | | | 13 590 754 | | 13 590 754 | | 13 590 754 | | 13 590 754 | | 13 590 754 | 13 590 75 4 | | 81.54452 4 |
| - Earnálach | Bliantúil | | | 2.931 | | 2.931 | | 2.931 | | 2.931 | | 2.931 | 2.931 | | 17.58600 |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | 16.52 1754 | | 16.52 1754 | | 16.52 1754 | | 16.52 1754 | | 16.52 1754 | 16.5217 54 | | **99.1305 24** |

19 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

20 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a thuairiscítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** [21] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5**[22] **of the multiannual financial framework** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

21 Is í bliain N an bhliain ina gcuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

22 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist a bhaineann leis an bplean bunaithe (oifigigh agus pearsanra sealadach)** | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde Indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde Díreach) | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (in Aonaid i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[23] | | | | | | |
| XX 01 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | |
| XX 01 02 02 (AC, AL, END, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 04 **bb** [24] | - sa Cheanncheathrú | | | | | |
| | - in dToscaireachtaí | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | |

Is é atá in **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina cúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

[23] AC= Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED= Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[24] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– X Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| Baineann sé seo le húsáid na líne cúltaca (Caibidil 40). |
|---|

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |
|---|

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– X Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú ag tríú páirtithe.

– ☐ Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú a bhfuil meastachán air thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | An tionchar a bheidh ag an togra/tionscnamh[25] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imreofar tionchar orthu

| |
|---|
| |

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

25 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.